**Miontuairiscí ó chruinniú de Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, a reáchtáladh in Áras na Caibidle ag 9:30 a.m. ar an 4 Nollaig 2023**

**I láthair (an Bord):** Tom Moran (Cathaoirleach), Margaret McCabe, Fiona Quinn*, Anne Marie Hoey, Ms. Mary Connaughton, Yvonne Cooke, Catherine Dobbins (Rúnaí).

Leithscéalta: Colin Menton.
**Freastal fíorúil*

---

**Miontuairiscí an chruinnithe dheireanaigh agus ceisteanna a tháinig chun cinn**

Glacadh leis na miontuairiscí.  Ní raibh Colin in ann freastal ar an gcruinniú ach d'iarr sé go gcuirfí rud sa bhreis i miontuairiscí chruinniú Mheán Fómhair.

**Dearbhuithe Leasa**

Ní dhearnadh dearbhú leasa ar bith.

**Tuairiscí don Bhord**

<u>Tuairisc Oibríochta</u>

Dúirt an Príomh-Oifigeach Feidhmeannach (POF) leis an mBord go bhfuiltear ag baint amach na spriocdhátaí chun feachtais a chur i bhfeidhm go dtí seo i mbliana (ráta 82%, agus 80% an sprioc). Tá ráta 71% ag baint le hEarcaíocht don Choimisiún um Cheapacháin Ardleibhéil (CCA) go dtí seo i mbliana, agus ráta 83% i Ráithe 4 go dtí seo. Chuir an Bord fáilte roimh na tuairimí dearfacha a fuarthas maidir leis an bhfeabhas seo sna rátaí ag baint leis an CCA. Bhí plé sa Bhord maidir leis an gCreat i gcomhair Cuardach ar Fheidhmeannaigh, agus d'iarr siad go mbeadh uasdátú ag an gcéad chruinniú eile maidir le creat ar leith don SCP a chur ar bun, lena chinntiú nach mbeadh sé seo ag cur moill ar an bpróiseas earcaíochta.

D'inis an POF don Bhord go bhfuil ceapacháin sna gráid ghinearálta suas go dtí 34% anois i Ráithe 4 go dáta (sprioc 80%). Thug sí faoi deara go bhfuil an ráta seo an-íseal fós ach go bhfuil an ráta ag feabhsú agus go bhfuil riaráiste mór ann atá ag cur isteach ar an tréimhse ama a bheidh i gceist chun an sprioc 80% a bhaint amach. Thug sí faoi deara go bhfuil an riaráiste ag laghdú go mór gach mí, ó 789 i mí Iúil go 268 i mí na Samhna.   Dúirt an POF don Bhord go bhfuiltear ag plé an cheist seo san fhoghrúpa Daoine den Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse, ag díriú ar dtús ar Oifigeach Cléireachais Sealadach agus ar Oifigeach Cléireachais. Chuir an Bord fáilte roimh phleananna le haghaidh conarthaí níos faide agus bealaí chun stádas buan a fháil a chur ar fáil d'Oifigigh Cléireachais Sealadacha. Thug siad faoi deara go mbeidh an Fho-Ghrúpa seo ag díriú anois ar earcaíocht le haghaidh Oifigigh Feidhmiúcháin agus Ard-Oifigigh Feidhmiúcháin.

D'fhiafraigh an Bord cad a bheadh ag teastáil ón SCP chun earcaíocht don tseirbhís ghinearálta a ardú don sprioc 80%.  Admhaíodh gur gá tuilleadh iarrthóirí a mhealladh go dtí an Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí, agus gur gá an Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí a chur chun cinn mar áit oibre le hiarrthóirí féideartha. Dúirt Yvonne don Bhord go bhfuiltear ag déanamh roinnt oibre ar an ábhar seo ag leibhéal sinsearach ar fud na Státseirbhíse agus d'aontaigh an Bord gur ceart go bpléitear leis an gceist seo ar fud an chórais. Bhí plé sa Bhord freisin maidir leis an gá obair páirtaimseartha agus obair chumaisc

a chur ar fáil chun líon na n-iarrthóirí a leathnú. D'admhaigh an Bord freisin nach mbíonn obair páirtaimseartha agus obair chumaisc ar fáil i gcónaí i ngach eagraíocht. Ghlac an Bord leis chomh maith gur gá teagmháil a dhéanamh le coláistí agus ollscoileanna ionas go ndeartar cúrsaí chun daoine a ullmhú le haghaidh gairm sa tseirbhís phoiblí. Tugadh faoi deara go raibh an SCP i dteagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe mar gheall ar an gá le brandáil agus margaíocht, agus d'aontaigh an Bord go gcaitear maoiniú a chur ar fáil don réimse seo.

Dúirt an POF leis an mBord go mb'fhéidir go mbeidh roinnt eagraíochtaí sásta glacadh le ceapacháin ag brath ar imréiteach; chríochnódh an SCP an próiseas imréitigh tar éis an cheapacháin, agus dhéanfadh an SCP na ceapacháin ag brath go mbeadh rath ar na hiarrthóirí sa phróiseas imréitigh. Tugadh faoi deara go reáchtálfaí an cur chuige seo ar bhonn píolótach i gceann de na ranna móra.

Phléigh an Bord na freagraí a fuarthas ar na suirbhéanna custaiméirí atá i measc na gcáipéisí don Bhord agus phléigh siad an tábhacht a bhaineann le cumarsáid leanúnach a bheith ann le custaiméirí (rud a bheidh níos éasca nuair a bheidh an córas earcaíochta nua i bhfeidhm). Tugadh faoi deara go bhfuil ceannasaí ar leith de chuid an SCP ceangailte le gach feachtas sinsearach, agus bíonn an ceannasaí sin i dteagmháil de shíor leis an eagraíocht cliaint.

Thug an POF an scéal is déanaí don Bhord maidir leis an Athbhreithniú Acmhainne. Tugadh faoi deara go bhfuil an tagarmharcáil ar siúl; críochnaíodh an suirbhé foirne; tá agallaimh leis na páirtithe leasmhara ar siúl, agus tosaíodh an t-athbhreithniú doiciméad freisin. Tugadh faoi deara go bhfuil an chéad dréacht-tuarascáil ar Chéim 1 le teacht i lár mhí na Nollag agus go bhfuiltear ag súil faoi láthair go mbainfear an spriocdháta seo amach. D'aontaigh comhaltaí an Bhoird páirt a ghlacadh sna hagallaimh leis na páirtithe leasmhara. D'aontaigh siad chomh maith go bhfuil sé den tábhacht go bhfuil sé d'acmhainn ag an SCP an obair a mhéadú agus a laghdú de réir an éilimh, agus go bhfuil an cumas speisialtóra ag an SCP beart a dhéanamh de réir a bhriathar.

Phléigh an POF seisiún straitéise an Bhoird Bainistíochta a tharla le déanaí; tugadh faoi deara gur aontaíodh go ndéanfaí athbhreithniú ar na príomhtháscairí feidhmíochta go léir lena chinntiú go bhfuil gach gné earcaíochta san áireamh iontu. Aontaíodh chomh maith go n-oibreoidh an fhoireann Léargas Gnó in éineacht le gach foireann chun príomhtháscairí feidhmíochta cuí a aontú agus iad i gcomhréir a chéile. Dúirt an POF leis an mBord gur aontaíodh Creat Cinnteoireachta maidir le tuilleadh earcaíocht a ghlacadh. Dúirt sí chomh maith gur aontaíodh go bhfuil cur chuige aclaí de dhíth maidir le hacmhainní a úsáid; aontaíodh an tosaíocht seo a leanas: *"Nova a úsáid chun soláthar seirbhísí a fheabhsú".*

Chuir an POF in iúl don Bhord go mbeidh an SCP ag ceiliúradh céad bliain na heagraíochta in 2024 (nuair a rithfear céadfheachtas na bliana in 2024). Chuir an Bord fáilte roimh na pleananna chun é seo a nascadh leis an mbranda nua agus le hath-insealbhú an róil a bhaineann le publicjobs.

Thug an POF an scéal is déanaí don Bhord maidir le gníomhartha an chruinnithe dheireanaigh; tugadh faoi deara gur cuireadh ainmneacha ar aghaidh don Aire chun na folúntais ar Bhord an SCP a líonadh. Chuir sí in iúl don Bhord chomh maith go bhfuil Earcaíocht d'Fheidhmeannaigh Shinsearacha ag athbhreithniú na hamlínte don saghas earcaíochta seo agus á dtagarmharcáil.

<u>Bainistíocht Riosca</u>

Thug an Bord faoi deara an Clár Rioscaí Corparáideach a cuireadh ar fáil in éineacht le cáipéisí an Bhoird.

Mhínigh an POF go bhfuil riosca suntasach ann maidir leis an maoiniú caipitil le haghaidh Nova ós rud é go bhfuil easnamh €1m maoinithe ann. Tugadh faoi deara gur leithdháileadh maoiniú don SCP chun é a chur ar a chumas conradh a shíniú leis an díoltóir tosaíochta, ach nach raibh ach páirtmhaoiniú ar fáil le haghaidh na gcostas eile cur chun feidhme agus le haghaidh an chostais chun STAR a dhíchoimisiúnú. Is iad seo a leanas na gnéithe den tionscadal nach bhfuil maoiniú ann fós dóibh: tacaíocht cur chun feidhme d'atheagrú ar phróisis ghnó; tacaíocht le haghaidh bainistiú athruithe; comhtháthuithe teicniúla; agus an obair atá ag teastáil chun na sonraí go léir a theastaíonn a bhaint as STAR agus STAR a dhíchoimisiúnú faoi dheireadh Ráithe 1, 2025. Dúirt an POF go bhfágann an t-easnamh maoinithe go bhfuil riosca níos airde ag baint leis an tionscadal, lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas: moilleanna de bharr an éagumais freagairt ar riachtanais nua, agus mar thoradh air sin bheadh iarratais ar rialú athruithe, rud a mhéadaíonn na costais; seans nach mbeidh sé ar ár gcumas an leas is fearr a bhaint as an gcóras nua – agus mar thoradh air sin, seans nach nglacfar leis an gcóras nua oiread agus is féidir; cumas níos lú chun ár bpróisis ceann go ceann a chur i bhfeidhm mar ba chóir ar an gcóras nua – agus drochthionchar ar oibríochtaí dá bharr sin; caillfear bearta éifeachtúlachta, agus ní bheadh aon fhoinse sonraí amháin ann; dá mbeadh moill ar STAR a dhíchoimisiúnú bheadh rioscaí níos mó ann don SCP ag dul ar aghaidh – rioscaí teicniúla, sábháilteachta, agus oibríochta. Ina theannta sin, caithfear íoc as STAR tar éis Ráithe 2, 2025. D'iarr Yvonne nóta dá bharr sin agus aontaíodh go seoladh cóip den nóta don Bhord.

<u>Staid Airgeadais</u>

Thug an Bord faoi deara go raibh an Tuarascáil Airgeadais le haghaidh dheireadh mhí Dheireadh Fómhair san áireamh i gcáipéisí an Bhoird. Thug an POF faoi deara go bhfuil an párolla neamhfhabhrach, de bharr breis foirne, ar ceadaíodh iad in 2023, agus go bhfuil costais theagmhasacha neamhfhabhrach de bharr costais níos mó le haghaidh fóntas, glantacháin, sábháilteachta, agus costais dhlí nach raibh sa bhuiséad, mar thoradh ar shocraíochtaí. Thug sí faoi deara go bhfuil na costais bord agallaimh neamhfhabhrach agus go bhfuil siad níos mó ná na costais sa tréimhse chéanna anuraidh, agus go bhfuil caiteachas ar bhreis earcaíochta de Ghardaí faoi Oiliúint don Gharda Síochána san áireamh anseo; mhéadaigh caiteachas margaíochta chomh maith toisc gur tosaíodh ag freastal ar imeachtaí promóisin arís. Tugadh faoi deara go bhfuil caiteachas ar an Tionscadal Nova ar gcúl sa sceideal, agus tá sé ar intinn cistí a aistriú go buiséad an chaiteachais reatha chun cabhrú leis an gcaiteachas a chlúdach. Chomh maith leis sin tá beagán caiteachas forlíontach ag teastáil (150k) chun na costais bhreise atáthar ag súil leo a chlúdach go hiomlán, ós rud é nár tharla an t-aisíoc ón nGarda Síochána in am.

**An tEolas is Déanaí ón gCoiste Iniúchta**

Thug an Bord faoi deara an dá thuarascáil iniúchóra a bhí san áireamh i gcáipéisí an Bhoird chomh maith leis na miontuairiscí ó chruinniú deireanach an Choiste Iniúchóireachta. D'aontaigh an Bord a mhachnamh a dhéanamh ar a ainmní nua don Choiste Iniúchóireachta ag an gcéad chruinniú eile, tráth a mbeidh an dá chomhalta nua ann.

**An tAthbhreithniú ar an gCoimisiún um Cheapacháin Ardleibhéil – Na hImpleachtaí don SCP**

Thóg Michelle Noone cur i láthair don Bhord ar an ábhar seo. Phléigh an Bord na rioscaí don SCP agus d'aontaigh siad go bhfuil sé fíorthábhachtach go bhfuil sé soiléir cé leis na freagrachtaí i ngach céim den phróiseas chun é sin a chur in iúl d'iarrthóirí. Tugadh faoi deara go bhfuil an Tuarascáil fós leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe chun í a chur i bhfeidhm agus go leanfaidh an SCP ar aghaidh de bheith i dteagmháil ar an ábhar seo.

**Tuairisciú san Eagraíocht**

Thug Stephen Buckley, Tatiana Romanova agus Rosemarie O'Mahony cur i láthair ar an ábhar seo. Aontaíodh an struchtúr tuairiscithe a bhí molta. Thug an Bord faoi deara gur chóir go mbeadh sé d'aidhm ag an SCP na spriocanna atá aontaithe a shárú, agus a bheith uaillmhianach maidir le seirbhísí a chur ar fáil. Chuir an Bord fáilte roimh na pleananna chun monatóireacht a dhéanamh ar líon na n-iarrthóirí ón earnáil phríobháideach, agus chun é seo a thuairisciú.

**Tionscadal Nova**

Thug Foireann an Tionscadail Nova cur i láthair ar an tionscadal seo. Tugadh faoi deara go bhfuil an cuma ar an gcóras nua go bhfuil sé iomasach, solúbtha agus ag teacht le dea-chleachtas. Tugadh an Bord faoi deara gur féidir go mbeadh an conradh i bhfeidhm ar feadh 15 bliana agus go bhfuil tréimhse fógra 2 bhliain ann más mian leis an soláthraí deireadh a chur leis an gconradh, agus tá tréimhse fógra 1 bhliain ag an SCP. Chuir an Bord fáilte roimh chumas an chórais maidir le huathoibriú agus le haghaidh rannpháirtíocht mhéadaithe agus uathoibrithe le custaiméirí. Tugadh faoi deara go bhfuil Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit páirteach leis an tionscadal seo agus tacóidh siad leis an SCP má bhíonn aon agóidí dlíthiúla ann.

**Dréacht-Phlean Oibre le haghaidh 2024**

Aontaíodh an Dréachtphlean Oibre le haghaidh 2024 agus na dátaí a moladh ann. Ní raibh Colin in ann freastal ar an gcruinniú ach rinne sé roinnt molta maidir leis an bPlean Oibre. Cuirfear na moltaí isteach ann.

**An Chéad Chruinniú Eile agus Aon Ghnó Eile**

Beidh an chéad chruinniú eile ar an 26 Feabhra ag 10.30 a.m.